LÁ 3: ÁR SCOIL CHAITLICEACH – IDIRGHLÚINE

EOCHAIRFHOCAIL:

Idirghlúine **Duine Aosta** **Ógánach**
Sliocht ón mBíobla **Bronntanas**
Comhairle **Comhrá bríoch**

Cad atá le rá sa Bhíobla maidir leis an duine aosta?

Léigh na sleachta agus breac síos an tagairt ar an tábla thíos.

Tagairt sa Bhíobla	Sliocht
1 Tiomóid 5:1	
Leivític 19:32	
2 Corantaigh 4: 16-17	
Iób 12:12	
Deotranaimí 32:7	
1 Tiomóid 5:17	
Salm 92: 13-14	

D **Díospóireacht:** Léigh tú na sleachta. Cén dearcadh a léirítear sa Bhíobla i leith an duine aosta?

Machnamh Pearsanta: Ón taithí atá agat agus i do thuairim féin, cad é an t-ionchur is luachmhara a d'fhéadfadh an duine aosta a ofráil do phobal na scoile seo?

Cad a deir an Bíobla linn faoi na daoine óga?

L

Léigh na scéalta seo ón mBíobla.

Scéal Rút

(www.free-christian-wallpapers.blog)

Scéal Samúéil

(www.LDS.org)

Dáiví agus Góla

(www.preschoolbiblestudies.com)

Scríobh na scéalta i d'fhocail féin sa spás thíos.

SCÉAL RÚT

SCÉAL SAMÚÉIL

DÁIVÍ AGUS GÓLA

D

Díospóireacht: Tar éis na sleachta sin a léamh, cén dearcadh a léirítear i leith an duine óg sa Bhíobla?

Machnamh Pearsanta: Ón taithí atá agat agus i do thuairim féin, cad é an t-ionchur is luachmhara a d'fhéadfadh an duine óg a ofráil do phobal na scoile seo?

Sa phaimfléad Share the Good News, deirtear gur bronntanas ó Dhia iad na daoine aosta don Eaglais agus don tsochaí. Mínigh é seo i d'fhocail féin.



Díospóireacht: An dóigh leat gur féidir leis na baill fhoirne sa scoil seo atá ag dul in aois, comhrá bríoch a bheith acu lena chéile?

Féach: https://youtu.be/BqSxjmvXzzY (4:35)
Féach: https://youtu.be/WZZAAWxB_W4 (3:37)

Feictear sna físeáin go dtugann na daoine óga agus na daoine aosta comhairle dá chéile. Cad í an chomhairle is fearr a tugtar iontu, agus cén fáth le gur roghnaigh tú an ceann sin?



Cad í a chomhairle a thabharfá mar dhuine óg, don duine aosta?